# CÉADTACH MAC RÍ NA GCOS

6-11-33.

Mac Rí na nDolachta

Dolochta móra agus dolachta beaga carraigreacha i naice le Inis Músgraidhe, ceann ar an taobh thoir dí agus ceann eile idir í agus Fiodhinis - na dolochtaí beaga idir Fiodhinis agus Músgraidhe.

Sliseog de thaobh dúrach, sórt adhmaid ceapann Micil, Ruarudhach.

Osgladh maide rámha gan ruarudhacht, osgluigheann an maide rámha an t-uisge. Is ionduail go ndéanann maide ramha ruarudhach ar an uisge, briseann sí an t-uisge agus cuireann sí lona air agus cubhar.

Lá deireadh an domhain.

Ag dul, ag gul, níl dul ar bith ach doláil – Micil

Leann ruadh – an lionn a fágtar nuair a baintear an fuisge as an arbhar. Níl aon mhaith ann mara dtugtar do bheithidhigh é. Leann beag – beoir, ale.

Pucán na míol mór – treas pucán na míol mór, a chraiceann.

Fear mharbhtha na gcéadta greim, tá greim ag an mnaoi ar chom caol, air thóin reamhar ar inntinn uaibhreach.

Grot – nuair a shuidheann girrfhiadh ar a chosa geáb agus a chuireann sé a dhá chois in áirde, tá sé ar a ghrot.

Cú – iasacht an chú ghairbh.

A cheapadh – an rud atá tusa a cheapadh.

Glíomáil – a réidhteach, ag cuir caoi air féin, nó rud.

Dulc – poc. Tugann pocaide dhulc do dhuine le n-a ceann, nó laogh nó reithe. Dulc a thugann beithidheach dóibh uile, tunnc- baineann sin le daoine.

Boimbéal – maide treasna ar na rataí.

Gabhal éadain – hip-roof, san teach gan bhinn na ballaí comh-airde. "Rataí iarainn bhuig agus gabhail éadain maide cruadhach."

An t-éan órdha, an mac ba sine agus gan bualadh.

Liathróíd bhinne – ag bualadh liathróide inagha binne liathróid láimhe.

Corra Geábh

chois na teineadh – ag an teine

fear dheasú éanach

cú cogadh na mban mór

glistiní, cnapíní beaga, glitsíní –Micil.

"Nuair a gabhas tú isteach anois" adeir an madra rua leis, "beidh na gaisgidhigh móra ina suidhe ag bord mór ag ithe is ag ól. Ná fan thusa go n-abraidh duine ar bith leat suidhe ach suidh ag an mbord agus bí ag ithe agus ag ól comh maith le duine ar bith aca. Tosóchaidh siad ag déanamh iongantas díot. Abair thusa gurb sin nós atá i do thír féin áit ar bith a bhfuil biadh leagtha, é a ithe."

Cáthadh – tugadh as cáthadh mór mise.

Tugadh gan bhuidheachas mé – le fórsa.